| **Oideachas Folláine** (meitheal forbartha) | **Cruinniú 3 - an 24 Feabhra 2023** |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **1. Fáilte, Leithscéalta, Miontuairiscí, Clár, Prótacail Chruinnithe** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an meitheal chuig an gcruinniú agus glacadh leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach.<br>Cuireadh i láthair forléargas ar an gCairt Ghrúpa, rud a úsáideadh chun forbairt na bprótacal cruinnithe a threorú.<br><br>Tugadh nuashonrú i dtaca le comhairliúchán le páistí a bheidh ag teacht aníos a ndéanfaidh Hub na nÓg é a éascú. Phléigh baill na meithle na príomhcheisteanna a bheidh le cíoradh sa chomhairliúchán seo. |
| **2. An Clár Bí Sábháilte** | Chuir ball den Mheitheal Forbartha forléargas ar an gclár Bí Sábháilte i láthair an chruinnithe. Rinne baill na meithle plé ar an áit a luífeadh an clár laistigh de churaclam athfhorbartha agus ar na himpleachtaí a bheadh leis i dtaca le sonraíocht Folláine a fhorbairt. |
| **3. Léirbhreithniú ar Litríocht Folláine: Léargais Luatha** | Rinne foireann taighde de chuid Choláiste Mhuire Gan Smál cur i láthair ar léargais luatha ón Léirbhreithniú ar Litríocht Folláine. Cuireadh am ar fáil le haghaidh aiseolais agus comhphlé. |
| **4. Cur i Láthair Físe: Comhtháthú Curaclaim a Choincheapú** | Chuir foireann taighde ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath forléargas ar a gcuid taighde i láthair i gcur i láthair físe réamhthaifeadta. I ngrúpaí beaga, rinne baill machnamh ar an gcur i láthair agus ar an bpáipéar taighde, agus phléigh comhtháthú sa tsonraíocht Folláine. |
| **5. AON GHNÓ EILE** | Tugadh nuashonrú ar fhorbairt Réasúnaíochta.<br><br>Tionólfar an chéad chruinniú eile ar an 24 Márta 2023. |